Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11933/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0238(NLE)**

**ECOFIN 815**
**FIN 882**
**UEM 211**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 399 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 399 final.

Faoi iamh: COM(2022) 399 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.8.2022
COM(2022) 399 final

2022/0238 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ('Rialachán SURE') leagtar síos an creat dlíthiúil chun cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar do na Ballstáit atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, nó a bhfuil an céanna ag dianbhagairt orthu, de bharr ráig COVID-19. Maoinítear leis an tacaíocht faoi SURE, go príomha, scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla arb é is aidhm dóibh fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint agus, ar an gcaoi sin, an dífhostaíocht agus an caillteanas ioncaim a laghdú, chomh maith le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú, mar chuid choimhdeach.

An 7 Lúnasa 2020, d'iarr an Bhulgáir cúnamh airgeadais ar an Aontas agus an 25 Meán Fómhair 2020, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 uaithi, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don Bhulgáir d'fhonn a hiarrachtaí náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe a chomhlánú.

An 23 Meitheamh 2022, d'iarr an Bhulgáir cúnamh airgeadais ón Aontas arís faoi Rialachán SURE.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán SURE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na Bulgáire chun fíorú a dhéanamh ar an mórmhéadú tobann ar chaiteachas iarbhír agus ar chaiteachas pleanáilte a bhaineann go díreach le bearta maidir le margadh saothair na Bulgáire, ar bearta iad atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Go háirithe, baineann sé sin le beart atá ann cheana dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle:

Baineann an scéim le soláthar fóirdheontas pá do ghnóthais, a bhfuil laghdú suntasach tagtha ar a ngníomhaíochtaí de bharr ráig COVID-19 agus, in éagmais na mbeart, nach mbeidís in ann fostaíocht a chaomhnú. Is ionann an fóirdheontas pá míosúil do na gnóthais incháilithe agus idir 50 % agus 60 % d'olltuarastal míosúil (lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóra) an phearsanra is tairbhí, ag brath ar mhéid an laghdaithe ar ioncam ó dhíolacháin.

Chuir an Bhulgáir an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún.

Agus an fhianaise atá ar fáil á cur san áireamh, molann an Coimisiún don Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh chun cúnamh airgeadais a dheonú don Bhulgáir faoi Rialachán SURE chun tacú leis na bearta thuas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo go hiomlán comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, faoina ndéantar an togra.

Tagann an togra seo sa bhreis ar ionstraim dlí eile de chuid an Aontais chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i gcás éigeandálaí, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) ('Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002'). An 30 Márta 2020, glacadh Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear an

ionstraim sin chun a raon feidhme a leathnú chun móréigeandálaí sláinte poiblí a chumhdach agus chun oibríochtaí sonracha atá incháilithe do mhaoiniú a shainiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra mar chuid de raon beart a forbraíodh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair amhail an 'Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas', agus comhlánaíonn sé ionstraimí eile a thacaíonn le fostaíocht amhail Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)/InvestEU. Trí úsáid a bhaint as iasachtaí a fháil agus a thabhairt sa chás áirithe seo de ráig COVID-19 chun tacú leis na Ballstáit, gníomhaíonn an togra seo mar dhara líne chosanta chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, rud a chabhraíonn le poist a chosaint agus, ar an gcaoi sin, fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar bhaol na dífhostaíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle is bunús dlí don ionstraim seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra seo sna sála ar iarraidh ó Bhallstát agus léirítear ann dlúthpháirtíocht Eorpach trí chúnamh airgeadais ón Aontas a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí sealadacha do Bhallstát a ndearna ráig COVID-19 difear dó. Mar dhara líne chosanta, tacaíonn an cúnamh airgeadais sin le caiteachas poiblí méadaithe an rialtais ar bhonn sealadach i ndáil le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla chun cabhrú leo poist a chosaint agus ar an gcaoi sin fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar bhaol na dífhostaíochta agus an chaillteanais ioncaim.

Leis an tacaíocht sin, cuideofar leis an bpobal atá buailte agus cuideofar leis an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 seo a mhaolú.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá á lorg leis an ionstraim a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann iasachtaí a fháil ar na margaí airgeadais chun na hiasachtaí sin a thabhairt ar aghaidh ar iasacht don Bhallstát a iarrann cúnamh airgeadais faoin ionstraim SURE.

Mar aon le soláthar ráthaíochtaí na mBallstát, tá coimircí eile ina mbunchuid den chreat d'fhonn daingne airgeadais na scéime a áirithiú:

- Cur chuige dian coimeádach maidir le bainistíocht airgeadais;
- Tógáil phunann na n-iasachtaí lena gcuirtear teorainn le riosca comhchruinnithe, le neamhchosaint bhliantúil agus le neamhchosaint iomarcach ar Bhallstáit aonair, agus lena n-áirithítear ag an am céanna go bhféadfaí acmhainní leordhóthanacha a dheonú do na Ballstáit is mó gátar; agus
- Féidearthachtaí chun fiachas a thar-rolladh.

2022/0238 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhreis ar iarraidh ón mBulgáir an 7 Lúnasa 2020, dheonaigh an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343[2], cúnamh airgeadais don Bhulgáir i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 511 000 000 í le meánaibíocht uasta 15 bliana, agus tréimhse infhaighteachta 18 mí aici, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Bulgáire chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige sin d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chomhlánú.

(2) Bhí an iasacht le húsáid ag an mBulgáir chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343.

(3) Leanann ráig COVID-19 de shrian a chur ar chuid shuntasach de lucht saothair na Bulgáire. Mar thoradh air sin, tá mórmhéadú tobann tagtha ar chaiteachas poiblí sa Bhulgáir i ndáil leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3(b) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343.

(4) Maidir le ráig COVID-19 agus na bearta urghnácha a chuir an Bhulgáir chun feidhme in 2020, 2021 agus 2022 chun an ráig sin agus a tionchar socheacnamaíoch agus a tionchar a bhaineann le sláinte a shrianadh, bhí tionchar ollmhór acu ar an airgeadas poiblí agus tá go fóill. In 2020, bhí easnamh agus ollfhiachas rialtais ghinearálta ag an mBulgáir de 4.0 % agus 24.7 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach, méideanna a mhéadaigh go 4.1 % agus 25.1 % faoi seach ag deireadh 2021. De réir réamhaisnéis earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh easnamh agus ollfhiachas rialtais ghinearálta de 3.7 % agus 25.3 % de OTI faoi seach ag an mBulgáir faoi dheireadh 2022. Tuartar go dtiocfaidh méadú 2.1 % ar OTI na Bulgáire in 2022.

---

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Bulgáire chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú san éigeandáil tar éis ráig COVID-19, IO L 314, 29.9.2020, lch. 10.

(5) An 23 Meitheamh 2022, d'iarr an Bhulgáir tuilleadh cúnamh airgeadais ar an Aontas ar mhéid EUR 460 170 000 d'fhonn leanúint dá hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú, is iarrachtaí a gabhadh de láimh in 2020, 2021 agus 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe. Go sonrach, chuir an Bhulgáir síneadh breise leis na scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla a leagtar amach in aithris 6.

(6) Cuirtear an fóirdheontas pá ar fáil do ghnóthais a d'fhulaing laghdú 30 % ar a laghad ar ioncam de bharr ráig COVID-19 mar gheall ar shrianta ar a ngníomhaíochtaí idir an 13 Márta 2020 agus an 31 Nollaig 2020. Ní mór fostaíocht fostaithe a chothabháil le linn rannpháirtíochta sa bheart agus ar feadh tréimhse chomhionainn ina dhiaidh sin. Is ionann an fóirdheontas pá míosúil do na gnóthais incháilithe agus idir 50 agus 60 % d'olltuarastal míosúil (lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóra) an fhostaí, ag brath ar mhéid an laghdaithe ar ioncam. Is éard atá sa bheart síneadh ar an mbeart a dtugtar tuairisc air in Airteagal 3(b) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle, dá bhforáiltear i bhForaithne Uimh. 151 an 3 Iúil 2020 ó Chomhairle na nAirí agus arna leasú le Foraithne Uimh. 278 an 12 Deireadh Fómhair 2020, Foraithne Uimh. 416 an 30 Nollaig 2020, Foraithne Uimh. 93 an 18 Márta 2021, Foraithne Uimh. 213 an 1 Iúil 2021, Foraithne Uimh. 322 an 7 Deireadh Fómhair 2021, Foraithne Uimh. 482 an 30 Nollaig 2021 agus Foraithne Uimh. 40 an 31 Márta 2022[3].

(7) Comhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh, coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Bhulgáir fianaise chuí ar fáil don Choimisiún a léiríonn go bhfuil méadú de EUR 1 015 050 000 tagtha ar chaiteachas poiblí iarbhír agus pleanáilte amhail ón 1 Feabhra 2020 mar gheall ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é sin toisc go mbaineann sé freisin le síneadh nó leasú a dhéanamh ar na bearta náisiúnta atá ann cheana a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid shuntasach de na gnóthais agus den lucht saothair sa Bhulgáir. Beartaíonn an Bhulgáir EUR 43 880 000 de mhéid méadaithe an chaiteachais a mhaoiniú trína maoiniú féin.

(8) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an mBulgáir agus d'fhíoraigh sé an mórmhéadú tobann ar an gcaiteachas poiblí iarbhír agus pleanáilte a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla dá dtagraítear in iarraidh an 23 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'fhonn cuidiú leis an mBulgáir aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha an tsuaite eacnamaíoch ghéir a tharla de dheasca ráig COVID-19. Ba cheart don Choimisiún na cinntí maidir le haibíochtaí, méid agus scaoileadh tráthchodanna agus tráinsí a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta.

---

[3] Prom. Iris an Stáit Uimh. 60 an 07 Iúil 2020, arna leasú ag agus arna fhorlíonadh le SG Uimh. 89 an 16 Deireadh Fómhair 2020, arna fhorlíonadh le SG Uimh. 110 an 29 Nollaig 2020, arna leasú ag SG Uimh. 2 an 08 Eanáir 2021, arna leasú ag agus arna fhorlíonadh le SG Uimh. 24 an 23 Márta 2021, arna leasú ag agus arna fhorlíonadh le SG Uimh. 56 an 06 Iúil 2021, arna leasú ag agus arna fhorlíonadh le SG Uimh. 85 an 12 Deireadh Fómhair 2021, arna fhorlíonadh le SG Uimh. 97 an 19 Samhain 2021, arna leasú ag SG Uimh. 1 an 04 Eanáir 2022, arna leasú ag SG Uimh. 27 an 05 Aibreán 2022.

(10) Ós rud é go bhfuil an tréimhse infhaighteachta a léirítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle imithe in éag, tá gá le tréimhse infhaighteachta nua le haghaidh an chúnaimh airgeadais bhreise. Ba cheart síneadh 21 mhí a chur leis an tréimhse infhaighteachta le haghaidh cúnamh airgeadais arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 ón gComhairle agus, dá thoradh sin, ba cheart 39 mí a bheith sa tréimhse infhaighteachta iomlán dar tús an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343.

(11) Ba cheart don Bhulgáir agus don Choimisiún an Cinneadh seo a chur san áireamh sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672.

(12) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do thoradh aon nóis imeachta a d'fhéadfaí a chur ar bun a bhaineann le saobhadh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

(13) Ba cheart don Bhulgáir an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta faoi chur chun feidhme an chaiteachais phoiblí phleanáilte, chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Bhulgáir an caiteachas sin chun feidhme.

(14) Thángthas ar chinneadh chun cúnamh airgeadais a sholáthar, agus riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na Bulgáire á gcur san áireamh, chomh maith le hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 a cuireadh isteach cheana nó atá beartaithe le cur isteach ag Ballstáit eile, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Bhulgáir ar luach uasmhéid EUR 971 170 000 í. 15 bliana an uastréimhse aibíochta ar an meán a bheidh ag an iasacht sin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. 39 mhí dar tús an chéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo a bheidh sa tréimhse infhaighteachta le haghaidh cúnamh airgeadais arna dheonú leis an gCinneadh seo.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Scaoilfear an chéad tráthchuid faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe iasachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672. Scaoilfear aon tráthchuid eile i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta sin nó, i gcás inarb

ábhartha, beidh siad faoi réir theacht i bhfeidhm aguisín a ghabhann leis, nó theacht i bhfeidhm comhaontaithe iasachta leasaithe a tugadh i gcrích idir an Bhulgáir agus an Coimisiún agus a thagann in áit an chomhaontaithe iasachta bhunaidh.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'Airteagal 3

Féadfaidh an Bhulgáir na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) fóirdheontais phá do ghnóthais dá bhforáiltear i bhForaithne Uimh. 55 an 30 Márta 2020 ó Chomhairle na nAirí;

(b) fóirdheontais phá do ghnóthais dá bhforáiltear i bhForaithne Uimh. 151 an 3 Iúil 2020 ó Chomhairle na nAirí arna leasú le Foraithne Uimh. 278 an 12 Deireadh Fómhair 2020, Foraithne Uimh. 416 an 30 Nollaig 2020, Foraithne Uimh. 93 an 18 Márta 2021, Foraithne Uimh. 213 an 1 Iúil 2021, Foraithne Uimh. 322 an 7 Deireadh Fómhair 2021, Foraithne Uimh. 482 an 30 Nollaig 2021 agus Foraithne Uimh. 40 an 31 Márta 2022.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'Airteagal 4

1. Cuirfidh an Bhulgáir an Coimisiún ar an eolas faoin 30 Márta 2021, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí phleanáilte go dtí go gcuirfear an caiteachas poiblí pleanáilte sin chun feidhme ina iomláine.

2. I gcás ina mbeidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 bunaithe ar chaiteachas poiblí pleanáilte agus i gcás ina raibh siad faoi réir Chinneadh Cur Chun Feidhme lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1343, cuirfidh an Bhulgáir an Coimisiún ar an eolas laistigh de 6 mhí ón dáta a nglacfar an cinneadh sin, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí phleanáilte, go dtí go gcuirfear an caiteachas poiblí pleanáilte sin chun feidhme ina iomláine.' .

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Bulgáire.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*